An tOrdú Olltoghcháin don Seanad (Rolla-Chomhaltaí), 2016

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 24 d'Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 (Uimh. 42 de 1947) (arna oiriúnú leis an Ordú Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2011 (I.R. Uimh. 193 de 2011)), ordaímse, Alain Ó Ceallaigh, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo mar a leanas:

1 Féadfar an tOrdú Olltoghcháin don Seanad (Rolla-Chomhaltaí), 2016 a ghairm den Ordú seo.

2 Tá feidhm ag an Ordú seo maidir le holltoghchán an tSeanaid a dhéanfar de chionn Dáil Éireann a lánscor an 3 Feabhra 2016.

3 Maidir leis an tréimhse ina bhféadfaidh Ceann Comhairimh an tSeanaid—

(a) glacadh le moltaí le haghaidh ainmniúcháin chun na rollaí ó chomhlachtaí ainmniúcháin, críochnóidh sí um nóin an 14 Márta 2016, agus

(b) glacadh le hainmniúcháin chun na rollaí ó chomhaltaí den Oireachtas, críochnóidh sí um nóin an 21 Márta 2016.

4 Suífidh Ceann Comhairimh an tSeanaid i dTeach Laighean, Baile Átha Cliath 2 an 30 Márta 2016 chun na rollaí a chomhlánú.

5 Eiseofar páipéir bhallóide don toghchán an 11 Aibreán 2016.

6 Cuirfear críoch leis an vótaíocht sa toghchán ar 11.00 a.m. an 25 Aibreán 2016.

7 Féadfar páipéir ainmniúcháin agus scríbhinní eile a chur chuig an gCeann Comhairimh i dTeach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

ARNA THABHAIRT faoi mo
Shéala Oifigiúil,
5 Feabhra 2016.

L.S. Alain Ó Ceallaigh

Aire Comhshaoil, Pobail agus
Rialtais Áitiúil